RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2021/2245 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Deireadh Fómhair 2021

lena leasaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéid a bhaineann le ríomh luach an táirgthe arna mhargú de chuid eagraíochtaí táirgeoirí in earnáil na dtorthaí agus na nglasraí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena mbunaítear comheagraíocht na margaí i dtáirgí talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 922/72, (CEE) Uimh. 234/79, (CE) Uimh. 1037/2001, agus (CE) Uimh. 1234/2007 ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 37, pointe (c)(i) agus (iv), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le roinnt blianta anuas, tá méadú tagtha ar an damáiste a dhéanann tubaistí nádúrtha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide don táirgeadh torthaí agus glasraí san Aontas. In 2017, rinneadh Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle ([2]), a chur chun úsáide agus tugadh cabhair shonrach don Laitvia d'fhonn an damáiste a rinne tuilte tréana i samhradh agus i bhfómhar na bliana 2017 a dheisiú. In 2018, de dheasca báisteach throm agus tuilte i gcodanna áirithe den Aontas (an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, agus an Fhionlainn), deonaíodh beart éigeandála le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/108 ón gCoimisiún ([3]) i bhfoirm cabhrach d'fheirmeoirí. In earrach na bliana 2021, bhuail mórthréimhse seaca réigiúin áirithe de roinnt Ballstát (an Spáinn, an Fhrainc agus an Iodáil, go háirithe) maidir le táirgí áirithe (péitseoga, neachtairíní, úlla agus táirgí eile). Dá thoradh sin tá breis agus 50 % den táirgeacht caillte.

(2) Ós minice anois a tharlaíonn tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálacha aeráide, tá gá le réiteach fadtéarmach maidir le ríomh luach an táirgthe arna mhargú de chuid eagraíochtaí táirgeoirí, chun a n-athléimneacht a neartú le haghaidh na todhchaí. Is gá leasú a dhéanamh ar Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún ([4]) trí fhoráil a dhéanamh maidir le solúbthacht i ríomh luach an táirgthe arna mhargú de chuid eagraíochtaí táirgeoirí san Aontas i gcás go gcasfaí ina n-aghaidh tubaistí nádúrtha agus teagmhais aeráide a chuirfeadh an táirge sa chaoi nach bhféadfaí é a úsáid lena chaitheamh ná lena phróiseáil.

(3) Caillteanais mhóra i luach an táirgthe arna mhargú a tharlaíonn de dheasca tubaistí nádúrtha nó teagmhais dhíobhálacha aeráide, bíonn tionchar an-mhór acu ar an méid de chúnamh ón Aontas a fhaigheann na heagraíochtaí táirgeoirí an bhliain i ndiaidh na dteagmhas sin, arae ríomhtar méid an chúnaimh ón Aontas mar chéatadán de luach an táirgthe arna mhargú ag gach eagraíocht táirgeoirí ar leith. I gcás ina gcailltear páirt mhór den fhómhar nó iomlán an fhómhair, bíonn an baol ann do na heagraíochtaí táirgeoirí go gcaillfidís an t-aitheantas a bronnadh orthu, arae ar cheann de na critéir um aitheantas a fháil tá an critéar nach mór íosluach áirithe táirgthe arna mhargú a bhaint amach ar an leibhéal náisiúnta. Thiocfadh de sin caillteanas eacnamaíoch dúbailte, rud a chuirfeadh cobhsaíocht fhadtéarmach na n-eagraíochtaí táirgeoirí i mbaol.

(4) I bhfianaise an ghéaraithe ar a mhinice a tharlaíonn tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálacha aeráide agus i bhfianaise an chaillteanais mhór-mhéadaithe a tharlaíonn dá dtoradh, ní leor an choimirce a bunaíodh le hAirteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a dtagann dá bhun go meastar luach an táirgthe arna mhargú a bheith ionann le 65 % dá luach sa tréimhse thagartha roimhe sin.

([1]) IO L 347, 20.12.2013, lch. 671.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle an 11 Samhain 2002 lena mbunaítear Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (IO L 311, 14.11.2002, lch. 3).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/108 ón gCoimisiún an 23 Eanáir 2018 maidir le beart éigeandála i bhfoirm cabhrach d'fheirmeoirí de dheasca tuilte agus báisteach throm i gceantair áirithe sa Liotuáin, sa Laitvia, san Eastóin agus san Fhionlainn (IO L 19, 24.1.2018, lch. 6).

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 ón gCoimisiún an 13 Márta 2017 lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí agus le hearnáil na dtorthaí agus na nglasraí próiseáilte agus lena bhforlíontar Rialachán (AE) Uimh. 1306/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le pionóis atá le cur i bhfeidhm sna hearnálacha sin agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 543/2011 ón gCoimisiún (IO L 138, 25.5.2017, lch. 4).

(5) Dá bhrí sin, agus de bharr gur gá an chobhsaíocht eacnamaíoch agus airgeadais a ghnóthú maidir le heagraíochtaí táirgeoirí a mbaineann caillteanais mhóra leo i luach an táirgthe arna mhargú de dheasca tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálacha aeráide, ba cheart an tairseach a mhéadú le haghaidh ríomh luach an táirgthe arna mhargú i dtaca le tréimhse thagartha áirithe. I bhfianaise an damáiste mhóir a raibh teagmhais dhíobhálach aeráide a tharla le déanaí ina gcúis leis, ba cheart luach an táirgthe arna mhargú i gcás tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálacha aeráide mar a leagtar síos in Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéadú go 85 %.

(6) Thairis sin, ba cheart réiteach a chur ar fáil a bheadh dírithe ar eagraíochtaí táirgeoirí, a dhéanann infheistíocht i mbearta coisctheacha ach a mbainfeadh damáiste mór dóibh dá ainneoin sin de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais dhíobhálacha aeráide, galair plandaí nó inmhíoluithe lotnaidí, chun cásanna a sheachaint ina mbuailfí iad ní hé amháin le caillteanais i luach a dtáirgthe arna mhargú ach freisin le laghdú ar an gcúnamh airgeadais ón Aontas. Dá bhrí sin, ba cheart luach an táirgthe arna mhargú a leagtar síos in Airteagal 23(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a mhéadú go 100 % i gcás eagraíochtaí táirgeoirí, a chruthóidh go bhfuil na bearta coisctheacha is gá déanta acu i gcoinne galair plandaí, inmhíoluithe lotnaidí, tubaistí nádúrtha agus teagmhais dhíobhálach aeráide, eadhon bearta amhail córais téimh nó líonta a shuiteáil sna cuibhrinn, scéimeanna árachais, nó cistí frithpháirteacha a bhunú.

(7) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891 a leasú dá réir.

(8) Ós rud é gur de réir na bliana féilire a chuirtear chun feidhme na cláir oibríochtúla agus ós rud é gur ar an mbliain féilire roimh an mbliain reatha a bhunaítear an ríomh a dhéantar ar luach an táirgthe arna mhargú lena gcinntear méid an chúnaimh airgeadais ón Aontas, is gá go dtiocfadh an Rialachán seo i bhfeidhm a luaithe is féidir, an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

I mír 4 d'Airteagal 23 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/891, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

"I gcás inar tháinig laghdú de 35 % ar a laghad ar luach táirge de dheasca tubaistí nádúrtha, teagmhais aeráide, galair plandaí nó inmhíolú lotnaidí nach raibh faoi fhreagracht ná faoi rialú na heagraíochta táirgeoirí, measfar luach an táirgthe arna mhargú den táirge sin a bheith ionann le 85 % den luach a bhí air sa tréimhse thagartha roimhe sin. Cuirfidh an eagraíocht táirgeoirí cruthúnas ar fáil d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go raibh na cúiseanna sin lasmuigh dá fhreagracht agus dá rialú. I gcás ina gcruthóidh an eagraíocht táirgeoirí d'údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann go ndearna sí na bearta coisctheacha ba ghá in aghaidh na tubaiste nádúrtha, an teagmhais aeráide, an ghalair plandaí nó an inmhíolaithe lotnaidí lena mbaineann, measfar luach an táirgthe arna mhargú le haghaidh an táirge sin a bheith ionann le 100 % den luach a bhí air sa tréimhse thagartha roimhe sin.".

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 12 Deireadh Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN